II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## CINNEADH (CBES) 2022/41 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

### an 10 Eanáir 2022

### maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1184 (ATALANTA/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 15 Iúil 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/1184 ([2]) lena gceaptar an Seachaimiréal Alejandro CUERDA LORENZO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh. Bhí an Seachaimiréal Alejandro CUERDA LORENZO i gceannas go dtí an 14 Nollaig 2021.

(3) Bhí Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh, an Leas-Aimiréal José M. NÚÑEZ TORRENTE, i gceannas agus é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar bhonn eatramhach ón 14 Nollaig 2021 i leith.

(4) Mhol Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Captaen João Paulo SILVA PEREIRA a cheapadh mar Cheannasaí nua Fórsa an Aontais Eorpaigh amhail ón 12 Eanáir 2022. Tá sé curtha in iúl ag údaráis na Portaingéile go dtabharfar ardú céime don Chaptaen João Paulo SILVA PEREIRA go Ceannasóir nuair a cheapfar é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(5) An 17 Samhain 2021, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh ó Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/1184 a aisghairm.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair chosanta,

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1184 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 15 Iúil 2021 maidir le Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Oibríocht Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/471 (ATALANTA/4/2021) (IO L 257, 19.7.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar João Paulo SILVA PEREIRA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Oibríocht Atalanta) ón 12 Eanáir 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2021/1184 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*
D. PRONK